An Bhruiséil, 2 Iúil 2025
(OR. en)

10704/25
ADD 1
LIMITE
PV CONS 34
TRANS 256
TELECOM 210
ENER 294

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

16 Meitheamh 2025

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Treochlár REPowerEU** 9699/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le Treochlár REPowerEU.

4. **Conclúidí maidir leis an Aontas Fuinnimh a neartú tríd an tslándáil fuinnimh a atreisiú** 10055/25
*Formheas*

Conclúidí ón Uachtaránacht maidir leis an Aontas Fuinnimh a neartú tríd an tslándáil fuinnimh a atreisiú.

Thíolaic an Ostair agus an Spáinn ráiteas comhpháirteach, le tacaíocht ó bhéal ó Lucsamburg, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Thíolaic an Pholainn agus an Danmhairg ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**Aon ghnó eile**

5. (g) **Clár oibre na hUachtaránachta inteachta**
*Faisnéis ón Danmhairg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg ar fáil.

PUBLIC

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 9985/25**

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':**

**Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas agus an Úisbéiceastáin**

(a) Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe
*Glacadh*

(b) Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe
*Comhaontú i bprionsabal*
*Iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa*

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Is féidir leis an Ostair glacadh leis an gcur chuige atá beartaithe. Mar sin féin, ar chúiseanna bunreachtúla, ní féidir leis an Ostair an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na hÚisbéiceastáine a chur i bhfeidhm go sealadach mar a thuigfí sa dlí idirnáisiúnta ach ón dáta a thug sí fógra d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ina cáil mar thaisclann an Chomhaontaithe go bhfuil na nósanna imeachta intíre is gá tugtha i gcrích aici chun go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Is díol sásaimh don Ungáir an doimhniú ar an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÚisbéiceastáine agus tacaíonn sí go láidir le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), agus a chur chun feidhme iomlán.

I ndáil le hAirteagal 8 den Chomhaontú, tugann an Ungáir dá haire go bhfuil sí lántiomanta i gcónaí ceartas agus cuntasacht a áirithiú as na coireanna is tromchúisí ar údar imní iad don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine, lena n-áirítear cinedhíothú, coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, ar bhonn a reachtaíochta coiriúla intíre, i gcomhréir le prionsabal na huilíochta, agus a tiomantas leanúnach maidir le tacú le comhordú agus comhar idir na húdaráis inniúla uile ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn imscrúduithe éifeachtacha ar na coireanna sin agus ionchúisimh éifeachtacha as na coireanna sin a áirithiú. Mar sin féin, is oth leis an Ungáir an polaitiú atáthar a dhéanamh le déanaí ar chinntí áirithe a rinne fóram breithiúnach idirnáisiúnta, ar fóram tábhachtach é lasmuigh de sin, agus is mar gheall air sin a thug an Ungáir fógra d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe faoi bheith ag tarraingt siar, an 2 Meitheamh 2025, ó Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Tá an tarraingt siar ó Reacht na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta gan dochar do chomhlíonadh oibleagáidí na hUngáire a eascraíonn as dlí an Aontais.'

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha ‘A’ a leagtar amach in 9928/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna ‘B’:** | **Conclúidí maidir leis an Aontas Fuinnimh a neartú tríd an tslándáil fuinnimh a atreisiú**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN OSTAIR AGUS ÓN SPÁINN**

‘Tacaíonn an Ostair agus an Spáinn le neartú an Aontais Fuinnimh chun an soláthar fuinnimh fadtéarmach san Eoraip a chinntiú. Tá an Ostair agus an Spáinn ag díriú ar theicneolaíochtaí fuinnimh atá slán, inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a leathnú amach, go háirithe foinsí fuinnimh in-athnuaite mar shampla hidreachumhacht agus fuinneamh gaoithe agus gréine atá inscálaithe go tapa, chomh maith le bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

Ba cheart cistiú ón Aontas a bheith dírithe ar thionscadail i réimse na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite. Dar leis an Ostair agus an Spáinn, ní chumhdaítear leis an téarma ‘fuinneamh glan’ ach teicneolaíochtaí atá sábháilte, inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol san fhadtéarma. Dar leis an Ostair agus an Spáinn, ní hamhlaidh atá i gcás an fhuinnimh núicléach.’

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN AGUS ÓN DANMHAIRG**

‘An 6 Bealtaine 2025, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht maidir le ‘Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis’ inar chuir sé in iúl go bhfuil sé ar intinn aige tograí reachtacha a thíolacadh chun na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair sa Treochlár a chur chun feidhme.

Thug tíortha na hUachtaránachta reatha agus na hUachtaránachta inteachta, an Pholainn agus an Danmhairg, an rún sin dá n-aire agus phléigh siad conas obair na Comhairle ar na tograí sin a chomhordú go héifeachtach.

Dá bhrí sin, tá sé ar intinn acu tús a chur leis an obair a luaithe a ghlacfar na tograí ón gCoimisiún, más infheidhme cheana féin i mí an Mheithimh, agus dul chun cinn a dhéanamh chomh tapa agus is féidir.’

---



PUBLIC